Comhairle an Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 13 Nollaig 2023**
**(OR. en)**

**16156/23**

**LIMITE**

**COMPET 1195**
**IND 639**
**POLCOM 300**
**RELEX 1409**
**COAFR 424**

PUBLIC

**NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Ábhar: | Meabhrán tuisceana idir an tAontas Eorpach agus Poblacht Ruanda maidir le comhpháirtíocht straitéiseach i ndáil le slabhraí luacha amhábhar inbhuanaithe<br>*- Údarú chun ionstraim neamhcheangailteach a shíniú* |

1. An 14 Márta 2023, chuir an Coimisiún an Mheitheal um Iomaíochas agus Fás (Tionscal) ar an eolas go bhfuil sé ar intinn aige dul i mbun cainteanna chun meabhrán tuisceana a tharraingt suas thar ceann an Aontais chun comhpháirtíocht i ndáil le slabhraí luacha amhábhar inbhuanaithe a bhunú le Ruanda[1].

An 13 Meitheamh 2023, chuir an Coimisiún faisnéis nuashonraithe ar fáil i bhfianaise na bhforbairtí is déanaí sa tír sin agus i bhfianaise eilimintí nua a mheas an Coimisiún a bheith úsáideach chun na Ballstáit a chur ar an eolas faoi chineál na comhpháirtíochta[2], mar aon le faisnéis bhreise maidir le hinrianaitheacht mianraí[3].

[1] WK 3584/2023.
[2] WK 7882/2023.
[3] WK 7896/2023.

2. Is é is aidhm don chomhpháirtíocht, mar ionstraim neamhcheangailteach, tacú le comhtháthú eacnamaíoch agus tionsclaíoch níos dlúithe idir an tAontas agus Ruanda maidir le hamhábhar inbhuanaithe, go háirithe trí acmhainní a mhapáil, tionscadail a shainaithint ar fud an tslabhra luacha, laghdú riosca agus spreagadh na hinfheistíochta príobháidí trí ionstraimí infheistíochta agus airgeadais. Is é is aidhm di freisin tacú le hailíniú níos fearr maidir le hardchaighdeáin chomhshaoil, shóisialta agus rialachais ar fud shlabhraí luacha na n-amhábhar, lena n-áirítear trí chreat dlíthiúil comhchuibhithe agus córas inrianaitheachta láidir, chun taca a chur faoi fhás eacnamaíoch inbhuanaithe cuimsitheach, chun breisluach áitiúil a chruthú agus chun ioncam intíre a shlógadh. Thairis sin, is é is aidhm di tacú le comhar níos dlúithe maidir le taighde agus nuálaíocht, lena n-áirítear ardtaiscéalaíocht, breathnóireacht na cruinne, agus teicneolaíochtaí glana agus nuálacha ar fud an tslabhra soláthair, chomh maith le comhar níos dlúithe maidir le scileanna agus fothú acmhainneachta atá riachtanach do shlabhraí soláthair amhábhar inbhuanaithe. Agus, is aidhm di freisin tacú le margadh oscailte, cothrom agus iomaíoch a chur chun cinn d'amhábhair chriticiúla agus ábhair phróiseáilte bunaithe ar idirphlé trédhearcach agus tráthrialta, a áiritheoidh go bhfeidhmeoidh slabhraí soláthair amhábhar go maith agus go mbeidh athléimneacht iontu.

3. Thug an Chomhairle údarú don Choimisiún, an 10 Iúil 2023, caibidlíocht a dhéanamh, thar ceann an Aontais, maidir leis an meabhrán tuisceana chun comhpháirtíocht a bhunú i ndáil le slabhraí luacha amhábhar inbhuanaithe le Ruanda[4].

4. An 21 Samhain 2023, fuair an Mheitheal um Iomaíochas agus Fás (Tionsclaíocht) nóta faisnéise ón gCoimisiún maidir leis an meabhrán tuisceana atá le síniú, thar ceann an Aontais, le Poblacht Ruanda, lena mbunaítear comhpháirtíocht straitéiseach i ndáil le slabhraí luacha amhábhar inbhuanaithe, agus dréacht-téacs an mheabhráin tuisceana i gceangaltán[5]. An 11 Nollaig 2023, chuir an Coimisiún leagan athbhreithnithe den nóta faisnéise ar fáil[6].

[4] 10304/23.
[5] WK 15491/2023 + ADD 1.
[6] WK 15491/2023 REV 1.



PUBLIC

5. Is ionstraim neamhcheangailteach a bheadh sa mheabhrán tuisceana idir an tAontas Eorpach agus Poblacht Ruanda maidir le comhpháirtíocht straitéiseach i ndáil le slabhraí luacha amhábhar inbhuanaithe, mar a leagtar amach in 16160/23 é. Leagtar amach sa mheabhrán tuisceana a bhfuil ar intinn ag an dá chomhpháirtí. Níl sé ina cheangal ar na comhpháirtithe ó thaobh dlí de.

6. Tá sé beartaithe ag an gCoimisiún an meabhrán tuisceana a shíniú thar ceann an Aontais, tar éis dó formhuiniú na Comhairle a fháil, tar éis an 21 Nollaig 2023.

7. Scrúdaigh an Mheitheal um Iomaíochas agus Fás (Tionsclaíocht), ag an gcruinniú a bhí aici an 27 Samhain 2023 agus ag an bhfíschomhdháil neamhfhoirmiúil a bhí aici an 11 Nollaig 2023, an dréachtmheabhrán tuisceana idir an tAontas Eorpach agus Poblacht Ruanda maidir le comhpháirtíocht straitéiseach i ndáil le slabhraí luacha amhábhar inbhuanaithe. Ba dhíol sásaimh i gcoitinne do na toscaireachtaí an meabhrán tuisceana, go háirithe an bhéim ar inrianaitheacht agus rannpháirtíocht Ruanda leis an tionscnamh um thrédhearcacht na dtionscal eastóscach, agus chuir siad in iúl go dtacaíonn siad ar an iomlán leis an togra ón gCoimisiún é a shíniú thar ceann an Aontais tar éis an 21 Nollaig 2023.

8. Tar éis don Mheitheal scrúdú a dhéanamh, iarrtar ar Choiste na mBuanionadaithe an méid seo a leanas a dhéanamh:

– a dhearbhú go n-aontaíonn sé le téacs an mheabhráin tuisceana ón gComhairle mar a leagtar amach in 16160/23 é;

– a mholadh go n-údaróidh an Chomhairle don Choimisiún an meabhrán tuisceana, mar a leagtar amach in 16160/23 é, a shíniú, thar ceann an Aontais, mar mhír 'A' ar chlár oibre ceann de na cruinnithe a bheidh ag an gComhairle amach anseo.

PUBLIC